etbi
Education and Training Boards Ireland
*Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann*

# Aighneacht chuig Coiste Idir-rannach maidir le Forbairt na nOileán

Ullmhaithe ag **Boird Oideachais & Oiliúna Éireann**

**Feabhra 2020**

**Boird Oideachais & Oiliúna Éireann (BOOÉ)**

**Aighneacht chuig Coiste Idir-rannach maidir le Forbairt na nOileán**

## Réamhrá

Tá Boird Oideachais &Oiliúna Éireann (BOOÉ) mar chomhlacht ionadaíoch náisiúnta ar na sé Bhord Oideachais & Oiliúna (BOO) déag sa tír. Bunaíodh na Boird Oideachais &Oiliúna in 2013 chun oideachas agus traenáil a chur ar fáil do phobail na hÉireann fud fad na tíre. Tá dualgais ar Bhoird Oideachais agus Oiliúna (BO&O) ar leith tacú leis na coláistí/scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge atá faoina gcúraim. Tá líon na scoileanna seo tar éis fás leis na blianta beaga anuas.

Tá cúig cinn de na scoileanna sin lonnaithe ar na hoileáin atá faoin Scéim Aitheantas Gaeltachta.

| Bord Oideachais & Oiliúna | Scoil | Oileán |
|---|---|---|
| Gaillimh agus Ros Comáin | Coláiste Ghobnait | Inis Oírr |
| | Coláiste Naomh Eoin | Inis Meáin |
| | Coláiste Naomh Éinne | Inis Mór |
| Dún na nGall | Coláise Phobail Cholmcille | Oileán Thóraí |
| | Gairmscoil Mhic Dhiarmada | Árainn Mhór |

## Comhthéacs na Scoileanna

Is iad na scoileanna seo cuisle na bpobal ar a bhfreastlaíonn said. Is deacair fianaise níos fearr de thábhacht scoil i bpobal a aimsiú ná an tárrtháil pobail atá tarlaithe ar na hoileáin seo. Tar éis blianta fada de bhánú agus meath pobail, tá casadh dearfach tarlaithe a aithnítear go díreach mar thoradh ar fhás agus ar fhorbairt na meánscoile. Ní hamháin go bhfuil feidhm oideachais ag na scoileanna seo ach tá sé sothuigthe nach féidir inmharthanacht na n-oileáin seo a chinntiú gan scoileanna láidre a chothaíonn an óige. Gan iad, is ag fáil bháis a bheadh na pobail scoite amach seo.

Ni hionann dúshláin scoileanna na n-oileán agus dúshlán 'scoil bheag', ce go bhfuil cuid mhaith de na dúshláin céanna i gceist. Caithfear dul i ngleic le dúshláin ar leith i scoileanna iar-bhunoideachais na n-oilean chun soláthar oideachais cuí agus cothrom a chur ar fáil do scoláirí na scoileanna seo.

## Pléphsomething

Cuireann Boird Oideachais & Oiliúna Éireann fáilte mhór roimh an bpróiseas comhairliúcháin seo. Aithnítear le fada go bhfuil géarghá le polasaí oileanda a d'fhreasalódh ar gach gné de shaol na n-oileán, go háirithe cúrsaí oideachais. Tá buairt ar BhOOÉ gur tugadh na hábhair seo a leanas san áireamh ag na Ceardlann Comhairliúcháin - Dídhaonrú, Forbairt eacnamaíoch, Athrú aeráide, Sláinte agus folláine, An Ghaeilge, Cumhachtú pobail, Iompar, Nascacht dhigiteach, Soláthar breosla/fuinnimh – agus go raibh Cúrsaí Oideachais fágtha ar lár. Creideann BOOÉ go bhfuil go bhfuil scoileanna na n-

oileán agus cúrsaí oideachais mar chroílár saol na n-oileán agus mar thúsphointe aistear na chéad ghlúine eile. Aithníodh ag an Roinn Oideachais agus Scileanna cé chomh tábhachtach agus lárnach is atá na scoileanna oileánda nuair a iarradh ar an gComhchoiste um Oideachas agus Scileanna tabhairt faoin Tuarascáil maidir leis na Dúshláin atá roimh Scoileanna ar Oileáin a foilsíodh i mí Feabhra 2018. Tá BOOÉ ag súil go dtabharfaí na moltaí a rinne sa tuarascáil sin ar bord agus polasaí á dhréachtú aige. Ní mór don Choiste Idir-rannach cursaí oideachais a bheith mar thosaíocht sa phróiseas seo.

Sa phlépháipéar féin, aithníonn BOOÉ go ndearnadh tagairtí do ghnéithe éagsúla a bhaineann le cúrsaí oideachais agus molaimid sin.

- Rinneadh tagairt do na féidearthachtaí a bhaineann le teicneolaíocht mar áis don fhoghlaim agus don teagaisc. Tacaíonn BOOÉ go mór leis Tionscadal Píolótach ar ríomh-Mhol trí mheán na Gaeilge ach tá géarghá go leathnófar an Tionscadal seo amach agus ábhair breise a bheith ina measc. Tá súil ag BOOÉ go n-oibreodh an Coiste Idir-rannach leis an Roinn Oideachais & Scileanna chun tabhairt faoi seo.

- Rineadh tagairt don Tuarascáil maidir leis na Dúshláin atá roimh Scoileanna ar Oileáin, Feabhra 2018. Tá súil ag BOOÉ go nglacfaidh an Coiste Idir-rannach leis na moltaí a rinne agus iad a chur i bhfeidhm gan mhoill.

- Rinneadh tagairt don Pholasaí don Oideachas Gaeltachta agus molann BOOÉ na hiarrachtaí atá á dhéanamh faoi láthair ag an Aonad um Oideachas Gaeltachta ar son na scoileanna Gaeltachta, na scoileanna oileánda ach go háirithe.

- Rinneadh tagairt don ról atá ag Údarás na Gaeltachta agus an fhreagracht atá acu siúd cabhrú le pobail na n-oileán maidir le cúrsaí áirithe, mar shampla, cúrsaí oideachais. Tá súil ag BOOÉ go mbeidh an Coiste Idir-rannach agus Údarás na Gaeltachta agus obair as a chéile ar son na scoileanna oileánda amach anseo.

- Rinneadh tagairt d'áiseanna oideachais agus plean náisiúnta leathanbhanda. Faoi láthair, tá roinnt dár scoileanna ag streachailt ó thoabh áiseanna de, mar shampla, halla spóirt; agus tá ceangal lag leathanbhanda ag cur isteach ar dhul chun cinn na scoláirí ar na hoileán. Tá BOOÉ ag súil go bpléifear leis na dúshláin seo go gairid.

- Rinneadh tagairtí do leithdháileadh múinteoirí agus buiséid. Aithnítear go bhfuil dul chun cinn déanta ag na scoileanna oileánda a bhuí leis an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta. Tá na scoileanna buíoch as an gcúnamh seo ach ní leor sin. Tá BOOÉ ag súil go n-athnaíonn an Coiste Idir-rannach go bhfuil na scoileanna seo i gcomhthéacs eisceachtiúil agus go bhfuil tacaíocht sa bhreis de dhíth má tá na deiseanna céanna cothrom curtha ar fáil do gach scoláire na tíre seo.

## Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2019

D'fhoilsigh an Roinn Oideachais & Scileanna plean gníomhaíochta don Oideachas 2019 - ***Cumasú*** - ***Cumasú trí fhoghlaim*** chun plean agus spriocanna a leagan amach d'oideachas scoláirí na tíre seo don tréimshe 2019-2021. Tá scoláirí na n-oileán mar chuid lárnach den chohórt sin agus níor mhaith le BOOÉ go ndéanfadh an Coiste Idir-rannach neamhaird ar na spriocanna seo agus iad i mbun oibre. Ceann de na luachanna a luaitear sa cháipéis sin ná '**Cuirimid an foghlaimeoir i gcroílár na forbartha straitéis agus beartas oideachais** agus **cuirimid luach ar an bhfoghlaim mar leas an phobail**, mar gheall ar an **ról lárnach atá aige i bhforbairt, comhtháthú agus folláine sochaí chuimsitheach.**

| **Spriocanna - *Cumasú – Cumasú trí fhoghlaim*** | |
|---|---|
| **SPRIOC 1**<br>Cuirfimid cruth ar chóras oideachais agus oiliúna freagrach a shásaíonn riachtanais agus a ardaíonn ardaidhmeanna **gach foghlaimeora.** | **Tá BOOÉ ag iarraidh go dtabharfar tús áite do na scoláirí oileánda mar thodhchaí na n-oileán.** |
| **SPRIOC 2**<br>Cuirfimid ar aghaidh **dul chun cinn foghlaimeoirí atá I mbaol míbhuntáiste oideachais** agus foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu d'fhonn tacú leo a gcumas a bhaint amach. | Tá BOOÉ ag iarraidh go n-aithnítear na bacanna agus na dúshláin atá roimh na scoláirí oileánda. |
| **SPRIOC 3**<br>Tabharfaimid **na scileanna agus an tacaíocht riachtanach do sholáthraithe oideachais agus oiliúna chun taithí foghlama d'ardchaighdeáin a chur ar fáil**. | Tá BOOÉ ag iarraidh go dtabharfar tacaíocht riachtanach do BhOO na Gaillimhe & Ros Comáin agus do BhOO Dhún nan Gall chun freastal ar na scoileanna oileánda. |
| **SPRIOC 4**<br>Treiseoimid **na caidrimh idir oideachas agus an pobal** i gcoitinne, an sochaí agus an geilleagar. | Tá BOOÉ ag iarraidh go n-aithneofaí an áit lárnach atá ag scoileanna ar na hoileáin. |
| **SPRIOC 5**<br>Treoróimid **seachadadh treo straitéiseach agus córas tacúil i gcomhpháirt le príomh-ghealllsealbhóirí** san oideachas agus oiliúint. | Tá BOOÉ ag iarraidh a léiriú go bhfuilimid agus na Boird Oideachais & Oiliúna sásta obair i gcomhpháirt leis an gCoiste chun tacú lena n-iarrachtaí ar son scoláirí na n-oileán. |

## Na Dúshláin is mó

Cuireann na 5 scoil oileánda oideachas ar ard-chaighdeán ar fáil dá scoláirí ainneoin go dtéann siad i ngleic le dúshláin agus bacanna lá i ndiaidh lae. Tá fís uaillmhianach ag na scoileanna go léir agus tá neart pleananna acu gur mhaith leo tabhairt fúthu ach faoi mar atá cúrsaí i láthair na huaire, ní féidir leo gach sprioc a bhaint amach. Aithníonn bainistíocht na scoileanna seo murar féidir na dúshláin seo a réiteach agus tacaíocht bhreise a chur ar fáil, is deacair na deiseanna céanna a chur ar fáil dá scoláirí is a fhaightear ar an mórthír.

| Na Dúshláin is mó atá ann do scoileanna oileanda |
|---|
| |
| **Soláthar Múinteoirí** |
| Ní oireann sé do chuile dhuine cónaí ar oileán agus a bheith scoite amach ón ngnáthshaol. Bíonn sé an-deacair múinteoirí a mhealladh chuig oileán atá inniúil sa Ghaeilge. Mar sin, is minic a bhíonn athrú fóirne rialta ann. Teastaíonn baoite de shaghas chun cuidiú le múinteoirí an costas breise a ghabhann le maireachtáil ar oileán a láimhseáil. Mar sin, iarraimid an **liúntas oileánda** a bhí ar fáil ag múinteoirí a bhí fostaithe roimh 2011 a leathnú amach dóibh siúd a tháinig ar bord tar éis 2011. Tá moladh sa tuarascáil (An Comhchoiste um Oideachias agus Scileanna 2018) an liúntas seo a athbheochan ach go fóill níor tháinig sé.<br>Is fadhb mhór í **ionadaithe** a fháil le teacht isteach agus amach gach lá nuair a bhíonn múinteoir(í) tinn/as láthair ar chúis éigin. Caithfidh an príomhoide agus na múinteoirí eile na ranganna a chlúdach (i bhfad níos mó ná uaireanta ionadaíochta agus feitheoireachta i gceist).<br>Cé go ndéantar gach uile iarracht múinteoirí atá inniúil sa ghaeilge a earcú agus a mhealladh chuig oileán, tá sé an-deacair múinteoirí cáilithe atá in ann teagasc trí mhéan na gaeilge a fháil don scoil. Ba cheart **liúntais na múinteoirí teagasc trí Ghaeilge** a athréimniú le dul i ngleic leis seo. |
| |
| **Rogha Ábhar** |
| Tá sé nach mór dodhéanta **lán-churaclam (trí Ghaeilge** ) a chur ar fáil do scoláirí sa chomhthéacs seo. Ba cheart go mbeadh an deis céanna oideachais ag scoláirí ar oileán agus ag scoláirí ar an Mórthír.<br>Toisc go mbíonn athrú ar fhoireann ó bhliain go bliain sna scoileanna oileánda, cruthaíonn sé sin neart fadhbanna ó thaobh pleanála de agus rogha ábhar a bhíonn ar fáil do scoláirí.<br>Ba choir go mbeadh scoileanna in ann **soláthar ábhar éifeachtach** a chur ar fáil chun eispéireas foghlama saibhir a bhaint amach. |
| |
| **Leithdháileadh Múinteoirí** |
| Níl aon Chiorclán ón ROS a dhéanann tagairt do riachtanis iarbhunscoileanna ar oileáin.<br>Cuireann na scoileanna oileánda iarratas 'Curricular Concessions'nó Tacaíocht<br>Teagaisc Bhreise do bhunriachtanais churaclaim (Lamháltais Churaclaim) isteach gach bliain ar bhun riachtanais scoile. Ceadaítear 1.5 múinteoir breise d'iarbhunscoil ar oileán ach moltar é seo a ardú go 2.5 WTE. |

Bíonn an **leithroinnt múinteoireachta bunaithe ar an líon scoláirí a bhíonn ar an rolla**. Ar Oileán, tá líon na scoláirí an-bheag mar sin, ní aithníonn an múnla an dushlán seo. Tá sé dodhéanta curaclam caighdeánach leathan a chur ar fáil do na scoláirí. Ba cheart go mbeadh an deis céanna oideachais ag scoláiri ar oileán agus scoláirí atá ar an mórthír.

Ní bheidh deis riamh ag na scoileanna más dáileadh ó thaobh uimhreacha ar an rolla atá i gceist. Má bhíonn easnamh sa bhfoireann teagaisc, bíonn ar na scoileanna **curaclaim tanaí** a thairiscint de bharr easpa uaireanta múinteoireachta, gníomh a mhaolaíonn rathúlacht na scoile.

Níl stádas **scoil bheag** ag roinnt scoileanna agus mar sin ní fhaigheann na scoileanna beaga seo an 1.5WTE a bhronntar ar scoileanna beaga cé go bhfuil siad ar chuid de na scoileanna is lú sa tír.

Leis an múnla nua dáileadh ar an 0.9 WTE **Tacaíochta Foghlama**, níl aon chinnteacht nach mbeidh laghdú i gceist do na scoileanna beaga, gníomh a mbeadh impleachtaí tromchúiseacha aige ar sholáthar tacaíocht foghlama sna scoileanna ar oileáin de bharr a méid.

Ta iarratas déanta ag an Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) go méadófaí leithroinnt múinteoireachta do na scoileanna oileánda ón 1.5 WTE atá ann faoi láthair go dtí 2.5 WTE exquota.

I gcás scoil amháin gur Aonad í, tá dúshlán ar leith ann sa mhéid is go bhfuil **dhá sheirbhís oideachais** ag feidhmiú sa scoil seo (an tseirbhís Ghaeilge agus an tseirbhís Bhéarla). Níl siad ag fáil go leor acmhainní breise leis an Aonad Gaeilge a reáchtáil sa scoil mar ba chóir. Bíonn seo in easnamh i gcónaí agus mar thoradh air seo, níl na hábhair uilig ar fáil trí mheán na Gaeilge.

Ní féidir le scoileanna múinteoirí a roinnt de bharr na himpleachtaí a bhaineann le taisteal chuig scoileanna eile.

## Deontas Gaeilge agus Dátheangachais

Bheadh sé ina chuidiú mhór do scoileanna oileánda dá mbeadh an deontas Gaeilge/Dátheangachais @€103/ dalta ar fáil. Níl sé cóir nó cothrom nach bhfuil an deontas seo ar fáil do scoileanna faoi stiúir na mBoird Oideachais &Oiliúna ach go bhfuil an deontas céanna ar fáil do iarbhunscoileanna deonacha.

## Buiséad

Cránn cúrsaí airgid scoileanna na tíre ach tá crá breise i gceist do scoileanna oileánda. Cosnaíonn seirbhísí dúbailte beagnach faoin am a bhfuil sé tugtha chomh fada le oileán agus iad cráite ag costais taistil & lasta. Bíonn thar oíche nó dhó i gceist chun freastal ar aon imeacht náisiúnta agus bíonn líon na scoláirí ró-íseal chun costas bus agus ostáin a roinnt mar sin bíonn ar na scoileanna cúiteamh do na costais seo, rud a chreimeann buiséad na scoile.

Teastaíonn buiséad na scoileanna ar oileán a mhéadú chun go mbeidh na scoileanna in ann fíor-chostas a bhaineann le scoil ar oileán a láimhseáil.

## Scoláireachtaí

Tá na hoileáin faoi mhíbhuntáiste tíreolaíochta, rud a chiallaíonn nach mbeidh líon ró-ard scoláirí san abhantrach chun scoil a chothú agus chun atmaisféar sláintúil do dhéagóirí a chinntiú sna scoileanna. Le blianta feidhmíonn scoileanna na n-oileán ar bhun náisiúnta. Tugtar deis do scoláirí ón tír mhór oideachas tré mheán na Gaeilge a fháil ar na hoileáin.

Tá tríocha scoláireacht dá íoc faoi láthair ag an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta do scoláirí nach ó cheantair Gaeltachta iad chun freastal ar scoileanna na n-oileán. Is iad trí scoil Árann a ghlacann páirt sa scéim seo faoi láthair. Seo ceann de na scéimeanna is tairbhí a tugadh isteach do na h-oileáin riamh, ní hamháin ó thaobh sealbhú teanga de ach ó thaobh inmharthanacht na n-oileáin a chinntiú freisin.

Tá iarratas déanta ag scoileanna go minic agus moladh sa tuarascáil 2018 freisin, don Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta an líon scoláireachtaí atá ar fáil a dhúbailt go dtí 60 scoláireacht sa bhliain ag costas €5.000 an ceann, ach go fóill níl aon athrú tagtha.
Tá tacaíocht de dhíth freisin ó na hoileán eile ó thaobh na scoláireachtaí. Tóg mar shampla, níl scoláireacht ar bith ar fáil ar Oileáin Toraigh go fóill de bharr fadhbann lóistín agus araile; cuireadh ceist ar an Roinn tacú ionas go dtosódh an scéim scoláireachta ar an oileán ach níor tharla rud ar bith go fóill. Bheadh deis iontach ag scoláirí ón mórthír tamall a chaitheamh ar an oileán; agus chuirfeadh sin go mór le saol sóisialta agus foghlama na scoláirí, ceann de na buntáistí is mó a bhaineann leis an scéim.

## Stádas DEIS

Tá sé deacair gan na míbhuntáistí a bhaineann le scoileanna oileánda a thabhairt faoi deara, scoileanna suite ar charraigeacha beaga na mílte amach ón gcósta i lár an Atlantaigh ag freastal ar phobail sáinnithe nach bhfuil an bóthar faoina gcois. Braitheann feidhmiú laethúil na scoileanna seo ar rochtain agus ar aimsir. Caithfear iarracht bhreise a dhéanamh le teacht ar oileán mar sin is minic a fhágtar ar lár iad ó thaobh fáil ar sheirbhísí scoile agus araile. Teastaíonn ó na scoileanna oileánda a bheith aitheanta mar scoileanna DEIS agus na buntáistí a ghabhann leis an stádas seo a sholáthar ar na hoileáin.

## Laghdú daonra na scoile

Tá daonra an oileáin ag laghdú go gasta agus tá seo ag cur isteach go mór as scoileanna faoi láthair. Chomh maith leis sin, tá an líon scoláirí ag teach isteach ón Mórthír laghdaithe chomh maith mar creidtear nach bhfuil curaclam leathan á sholáthar ag an scoil. Tuairiscíonn na scoileanna go léir go bhfuil an fhadhb seo ag cur isteach go mór orthu

## Teicneolaíocht

Ní bhíonn ceangal maith leathanbhanda ar na hoileáin go ginearálta. Teastaíonn ceangal maith sna scoileanna agus sna na tithe le go mbeidh scoláirí in ann buntáiste a bhaint as teicneolaíocht ar scoil agus sa bhaile. San aonú aois is fiche, tá géarghá freastal ar ghlúin atá i bhfad chun tosaigh ó thaobh na teicneolaíochta de. Níl sé ceart ná cothrom go ndéanfaí neamhaird ar scoláirí na n-oileán.

## Stádas mar Scoil Bheag

Tarlaíonn sé sa chúig scoil go mbíonn na bainisteoirí scoile ag teagasc uaireanta níos mó ná ba chóir agus mar atá leagtha síos sa Litir Ciorclach 0081/2007. I scoileanna beaga, titeann an chuid is mó den phleanáil srl atá le déanamh ar bhainistíocht na scoile, rud a chruthaíonn

tuilleadh brú ar bhainisíocht na scoileanna (an Plean Deis / an Plean Oideachais Gaeltachta / HSCL/SCP/ICT/ Sláinte agus Sábháileachta agus eile.). Bíonn na dualgaisí céanna i scoil bheag is a bhíonn i scoil mhór ach ní bhíonn na hacmhainní daonna céanna ann.
Ní aithnítear na scoileanna oileánda le stádas scoil bheag mar sin ní fhaigheann na scoileanna beaga seo an 1.5 WTE a bhronntar ar scoileanna beaga cé go bhfuil siad gan dabht ar chuid de na scoileanna is lú sa tír.

## Conclúid

Tá séríshoiléir go bhfuil an-chuid dúshláin roimh na scoileanna oileánda. Tá sé rí-shoiléir go gcruthaíonn an suíomh oileán dua breise, agus gur gá iniúchadh a dhéanamh ar conas an saibhreas agus an tábhacht a bhaineann leis na scoileanna oileán a chaomhnú agus a fhorbairt trí struchtúr tacaíochta níos feiliúnaí; soláthar mhúinteoirí; foireann tacaíochta; buiséad; scoláireachtaí agus liúntais ina measc.

Moltar iniúchadh a dhéanamh ar liúntas cuí do mhúinteoirí oileán, a chuirfeadh leis an mealladh dóibh cónaí agus obair ar oileán iarghúlta. Moltar iniúchadh a dhéanamh ar an gcur chuige DEIS lena chinntiú go mbeidh comhsheasmhacht i gceist leis agus go mbronntar go huathoibríoch ar scoileanna oileán é mar aitheantas ar na míbhuntáistí iliomad a bhaineann lena suíomh.

Gabhann Boird Oideachais & Oiliúna Éireann buíochas leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus leis an gCoiste Idir-rannach maidir le Forbairt na nOileán as an deis a bheith againn ionchur a bheith againn i gceist atá fíor-thábhachtach agus criticiúil. Tá súil againn go nglacfar an aighneacht seo ar bord agus go ndéanfar gach aon iarracht tacú leis na scoileanna oileánda agus a gcuid scoláirí ina measc.

**Aighneacht eisithe thar ceann: Nessa White, Ard-Rúnaí, Boird Oideachais & Oiliúna Éireann.**

**Ullmhaithe ag: Gean Gilger, Oifigeach Polasaí Oideachais & Forbartha**

**Faofa ag: Joan Russell, Stiúrthóir Scoileanna, Boird Oideachais & Oiliúna.**

etbi
Education and Training Boards Ireland
*Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann*

***Léirithe ag BOOÉ – Feabhra 2020***